An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

# Nóta Faisnéise, Pinsean Forlíontach

Tugtar faisnéis thíos a bheadh úsáideach duit maidir leis an iarratas agus na coinníollacha nuair a fhaightear Pinsean Forlíontach ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá sé tábhachtach duit an cháipéis seo agus na cáipéisí go léir atá faighte agat i do phaca scoir a choinneáil le húsáid amach anseo.

## Clár:


1. **Cad is Pinsean Forlíontach ann?** ........ 1
2. **Cad is Pinsean Comhordaithe ann?** ........ 2
3. **Cad iad na cúinsí a bhfuil mé i dteideal Pinsean Forlíontach a fháil fútha?** ........ 3
4. **Conas a dheimhnítear ráta mo Phinsin Fhorlíontaigh?** ........ 4
5. **An bhfuil mé i dteideal íocaíocht Pinsin Fhorlíontaigh a fháil go huathoibríoch?** ........ 5
6. **Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar aon íocaíocht fhéideartha Pinsin Fhorlíontaigh??** ........ 5
7. **Tuilleadh Ceisteanna agus foinsí ábhartha faisnéise** ........ 5


## 1. Cad is Pinsean Forlíontach ann?

De réir téarmaí na scéime aonair pinsin, féadann pinsean forlíontach bheith ina chuid den phinsean a íoctar do phinsinéirí a d’íoc ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta iomlán i leith na seirbhíse inphinsin ar fad nó i leith coda di agus/nó i leith seirbhíse ceannaithe. Ranníocaíochtaí d’Aicme A is ea ranníocaíochtaí ÁSPC ag an ráta iomlán agus féadann siad an pinsinéir a chur i dteideal sochair áirithe a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).

Íocfar na sochair do aon phinsinéir le tréimhse seirbhíse a tugadh ag ÁSPC Aicme A ar son na seirbhíse seo ar na bealaí leanas faoi réir ag téarmaí agus coinníollacha áirithe (atá mínithe le nós mó sonraí thíos).

| Íocaíocht Phinsean Comhardaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna | |
|---|---|
| (a) Íocaíocht Phinsean Comhordaithe Gairme agus sochar/pinsean leasa sóisialta RGFCS | (b) Íocaíocht Phinsean Comhordaithe Gairme agus pinsean foslíontach ag an Roinn seo (go hiomlán nó i |



Nuashonraithe Lúnasa 2020

| | |
|---|---|
| | bpáirt ag brath ar aon sochar leasa sóisialta ón RGFCS atá iníoctha leis an phinsinéir) |

## 2. Cad is Pinsean Comhordaithe ann?

Úsáidtear an téarma 'comhordú' nó 'comhtháthú' i scéimeanna pinsean na seirbhíse poiblí le cur in iúl go bhfuil na socair féideartha atá iníoctha faoin scéim Leasa Sóisialta curtha san áireamh sa scéim phinsin ghairme. Is é cuspóir an chomhordaithe a chinntiú go mbíonn suim chomhtháite an phinsin ghairme móide sochar Leasa Sóisialta a bhféadfadh ball a bheith i dteideal a fháil, gar d'iomlán an phinsin neamhchordaithe ghairme.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Pinsean Comhordaithe Gairme (ÁSPC Aicme A) | + | Pinsean Forlíontach | = | Pinsean Gairme neamhchordothaithe (Aicme D ÁSPC) |

Tagraíonn comhordú do na ranníocaíochtaí pinsin atá íoctha agat le lin do sheirbhíse leis an earnáil phoiblí agus don gcaoi a ríomhtar na sochair maidir leis na ranníocaíochtaí seo. Úsáidtear aicme ÁSPC (árachas sóisialta páchoibhneasa) chun an ranníocaíocht atá iníoctha ag na baill a chinneadh. Tá dhá phríomhaicme ÁSPC ann do fhostaithe na hearnála poiblí san Oideachas: Aicme ÁSPC D agus Aicme ÁSPC A. Tugadh Aicme ÁSPC A isteach le haghaidh gach fostaí san earnáil phoiblí a thosaigh a bhfostaíocht ar nó tar éis an 6 Aibreán 1995 nó a raibh briseadh seirbhíse neamhcheadaithe acu tar éis an dáta sin.

- Íocann siad siúd atá ag íoc Aicme ÁSPC D ranníocaíocht níos airde i leith pinsin ghairme ná mar a íocann siad siúd atá in Aicme A agus ráta ÁSPC níos ísle ná fostaithe Aicme A.
- Íocann Aicme ÁSPC A ranníocaíochtaí pinsin ag ráta níos lú ná fostaithe Aicme D, agus ranníocaíochta ÁSPC níos airde, mar gur féidir leo a bheith i dteideal pinsean Stáit.

Eascraíonn teidlíocht ionchasach i leith aon chuid de phinsean comhordaithe as na coinníollacha a leanas:

- Ball a bheith ag íoc Aicme ÁSPC A ar feadh tréimhse de sheirbhís inphinsin.
- Seirbhís ag Aicme ÁSPC A a bheith ceannaithe ag ball (ionadaí; neamhcháilithe; neamh-inphinsin roimhe seo agus seirbhís pháirtaimseartha (gach seirbhís PCW (Clár Iomaíochta agus Obair) san áireamh).

## 3. Cad iad na cúinsí faoina mbeidh mé i dteideal Pinsin Fhorlíontaigh?

Déantar teidlíocht pinsinéara i leith pinsin fhorlíontaigh a mheas tar éis iarratas a fháil. Tá sé ar fáil do phinsinéirí d'fhonn an t-easnamh sa phinsean a chúiteamh don tréimhse idir an dáta scoir agus an aois intofachta do Phinsean Ranníocaíoch an Stáit. Tarlaíonn sé seo nuair nár íocadh sochar leasa sóisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí gan an locht a bheith ar an bpinsinéir.

Beidh Pinsean Forlíontach iníoctha maidir leis na tréimhse a leanas:

(i) nuair nach raibh an pinsinéir fostaithe i gcáilíocht ar bith a ngabhann íocaíocht ranníocaíochta ÁSPC leis (féinfhostaíocht san áireamh), agus

(ii) áit nach bhfuil an pinsinéir iontofa do na Sochair Leasa Shóisialaigh RGFLS de bharr tosca nach raibh neart aige/aici orthu

Nó

(iii) go bhfuil sé/sí iontofa do na sochair leasa sóisialta RGFLS sin ag ráta níos lú ná an t-uasráta pearsanta de bharr tosca nach raibh neart aige/aici orthu

Is iad na leasa sóisialta RGFLS atá i gceist:

- Sochar Cuardaitheora Poist
- Sochar Breoiteachta
- Pinsean Easláinte
- Pinsean Stáit (Ranníocach)

Is í 66 an aois intofa do Phinsean Ranníocaíoch na Roinne Fostaíochta agus Coimirce faoi láthair, ag ardú go 67 (do dhaoine a rugadh ar nó tar éis 1 Eanáir 1955) agus go 68 (do dhaoine a rugadh ar nó roimh an 1 Eanáir 1961). Féadann pinsinéirí bheith intofa do Shochar Cuardaitheora Poist roimh dóibh an aois intofa don Phinsean Stáit a bhaint amach.

Féadann pinsean forlíontach a bheith iníoctha, ar iarratas, tar éis do phinsinéir an aois intofa do phinsean Ranníocach Stáit a bhaint amach nuair

- áit nach bhfuil an pinsinéir intofa ar an bPinsean Stáit a fháil, féadtar an pinsean forlíontach a íoc dó/di i gcónaí
- áit a bhfuil ráta an Phinsin Stáit atá iníoctha níos lú ná ráta an phinsin fhorlíontaigh, féadtar ráta laghdaithe pinsin fhorlíontaigh a íoc chun cúiteamh as an easnamh.

## 4. Conas a dheimhnítear ráta mo Phinsin Fhorlíontaigh?

Ríomhtar pinsean comhordaithe le tagairt do luach saothar inphinsin an phinsinéara (tuarastal agus liúntais ar an lá deireanach seirbhíse) lúide 3.333 oiread uasráta bliantúlaithe Phinsean Ranníocaíoch an Stáit (PRS) atá cothrom le €43,187.03 (€248.30 sa tseachtain; le feidhm ón 29/03/2019). Feicfidh tú na figiúir seo ar an mbileog ríomha atá faoi iamh le do phacáiste scoir.

Tugtar sampla thíos den gcaoi a ndéantar pinsean comhordaithe agus an chuid fhorlíontach den phinsean a ríomh.

Tá an t-uasphinsean forlíontach cothrom leis an difríocht idir (i) an pinsean neamhchorordaithe agus (ii) an pinsean comhordaithe le haghaidh tréimhse seirbhíse ar leith.

(i) = $\dfrac{\text{Seirbhís x Tuarastal}}{80}$

(ii) = $\dfrac{\text{Seirbhís x (Tuarastal} \leq \text{PRS x 3.3333)}}{200} + \dfrac{\text{Seirbhís x (Tuarastal > PRS x 3.3333)}}{80}$

**Sampla:**

Téann ball ar scor le luach saothair foriomlán inphinsin de: uasphointe an scála tuarastail €64,302, céim phas €1,842, post dualgas speisialta €3,769 agus rannpháirtíocht i maoirseacht agus in ionadaíocht.

Luach Saothar inphinsin = €69,913

Seirbhís inphinsin ÁSPC Aicme A = 38 bliain 42 lá

Seirbhís Dheachúlaithe = 38.1151 bliain

Pinsean Stáit Ranníocaíoch = € 12,956.29

Pinsean: (i) Pinsean Neamhchomhordaithe féideartha:

$\dfrac{38.1151 \text{ x } €69{,}913}{80} = €33{,}309.26$

Pinsean:(ii) Pinsean Comhordaithe Iarbhír:

(ii) $\dfrac{38.1151 \text{ x } (€12{,}956.29 \text{ x } 3.333)}{200} + \dfrac{38.1151 \text{ x } (€69{,}913 – (€12{,}956.29 \text{ x } 3.333)}{80} = €20{,}964.74$

| | | |
|---|---|---|
| Uasphinsean Forlíontach iníoctha: (i) – (ii) = €33,309.26– €20,964.74 | = | €12,344.52 |

## 5. An bhfuil mé i dteideal íocaíocht Pinsin Fhorlíontaigh a fháil go huathoibríoch?

Níl. Níl teidlíocht uathoibríoch ag duine ar phinsean fhorlíontach.

I gcás Luathscoir Chostas-Neodraigh, níl Pinsean Forlíontach iníoctha roimh 60 bliain d'aois (i gcás sheaniontrálaí) nó 65 (i gcás nua-iontrálaí) mar is cuí, nuair atá feidhm leis na critéir atá mínithe i bpointe 3. Tá breis eolais faoi seo ar fáil sna cáipéisí a leanas:

- Ciorclán PEN 07/2005 (https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2005/PEN07.pdf)
- Ionstraim Reachtúil 434 de 2009 (http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/si/434/made/en/pdf) (Article 60 (3))
- Ionstraim Reachtúil  435 de 2009 (http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/si/435/made/en/pdf) (Article 60 (3))

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara **nach n-íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna Pinsean Forlíontach** má theipeann ort ceann de na sochair a bhfuil tú intofa dóibh a éileamh.

## 6. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar aon íocaíocht ionchasach Pinsin Fhorlíontaigh?

Ní mór duit iarratas a dhéanamh le hAonad na bPinsean sa ROS ar íocaíocht Phinsin Fhorlíontaigh. Ní mór duit dhá fhoirm iarratais ábhartha a chur faoi bhráid le hiarratas a dhéanamh ar Phinsean Fhorlíontach. Ní mór duit SUPP 1 (Foirm Iarratais) agus, **ceann amháin de;** SUPP3, SUPP 4 nó SUPP 5 a chomhlánú ag brath ar do chúinsí pearsanta (sonraí imlínithe thíos. B'fhéidir go mbeidh ar d'oifig áitiúil INTREO na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí CUID 2 de SUPP 3, SUPP 4 nó SUPP 5 a chomhlánú.

### 6.1 Cén cheann den trí fhoirm is gá dom a chur faoi bhráid?

- Scor ar Chúiseanna Leighis: má chuaigh tú ar scor ar Chúiseanna Leighis beidh ort SUPP 3 comhlánaithe a chur faoi bhráid mar aon leis an SUPP 1 comhlánaithe. Má fuair tú litir ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le forléargas ar do theidlíochtaí i leith Sochar Tinnis nó Pinsean Easláine is féidir leat cóip den litir sin a chur le d'fhoirm iarratais. Ní gá do d'oifig áitiúil INTREO CUID 2 a chomhlánú sa chás sin.
- Ar scor roimh aois 66: Má chuaigh tú ar scor roimh aois 66 beidh ort SUPP 4 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid le do SUPP 1 comhlánaithe.
- Ar scor ag nó tar éis aois 66: Má chuaigh tú ar scor ar nó tar éis aois 66 beidh ort SUPP 5 a chomhlánú agus a chur faoi bhraid le do SUPP 1 comhlánaithe. Má fuair tú litir ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le forléargas ar do theidlíochtaí i leith Pinsean Ranníocaíoch Stáit nó pinsean Baintrí/Baintreach Fir, is féidir leat cóip den litir sin a chur le d'fhoirm iarratais. Ní gá do d'oifig áitiúil INTREO CUID 2 a chomhlánú sa chás sin.

### 6.2 Cén áit is féidir liom na foirmeacha ábhartha a fháil agus cá gcuirfidh mé iad nuair a bheidh siad comhlánaithe?

Tabhair faoi deara má chuirtear foirmeacha nach bhfuil comhlánaithe i gceart faoi bhráid gur féidir moill a chur le próiseáil aon sochar féideartha Pinsin Fhorlíontaigh. Tá na foirmeacha ar fáil le híoslódáil ar ár leathanach gréasáin https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions

Is féidir d'fhoirmeacha comhlánaithe a chur faoi bhráid ag an seoladh seo:
Aonad na bPinsean
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

## 7. Tuilleadh Ceisteanna, suímh ghréasáin úsáideacha agus faisnéis thábhachtach

Tá an bileog eolais seo á cur ar fáil chun cabhair agus treoir a thabhairt. Ní léirmhíniú dlíthiúil í an cháipéis ar nádúr an phinsin Fhorlíontaigh ná ar an reachtaíocht ábhartha, agus ní mhaítear go ndeileálann sé nach gach ceist a d'fhéadfadh teacht chun tosaigh.

Tá tuilleadh eolais maidir leis na sochair agus na scéimeanna atá ar fáil ón Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar fáil óna suíomh gréasáin (www.welfare.gov.ie).

Tá tuilleadh eolais maidir leis scéimeanna pinsin atá á riaradh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil ar áir suíomh gréasáin www.education.ie

**Suímh Ghréasáin Úsáideacha**

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí: www.welfare.gov.ie

Eolas do Shaoránaigh: www.citizensinformation.ie